

Conas an Ghaeilge a Mhúineadh go hÉifeachtach sa Seomra Ranga: Modúl 1

Ceacht 2: Sa bhaile / An chistin

Aidhmeanna:

Cur ar chumas na ndaltaí eolas a thabhairt agus a lorg maidir le suíomh

Cuspóirí:

- stór focal a bhaineann leis an gcistin a fhoghlaim;
- cluiche cumarsáide a imirt maidir leis an gcistin;
- cleachtadh a dhéanamh ar na réamhfhocail shimplí agus an t-alt

Feidhmeanna teanga:

eolas a lorg agus a thabhairt faoi shuíomh

Struchtúir teanga:

Cá bhfuil mo _____?

Tá sé **ar an** _____.

Tá sé **sa** _____.

Tá sé **in aice leis an** _____.

Tá sé **faoin** _____.

Tá sé **idir an** _____ **agus an** _____.

Stór focal: doirteal, cófra, cuntar oibre, tarraiceá(in), cuisneoir, niteoir soithí, citeal, tóstaer, oigheann, sorn, fuinneog, seilf, sásan, cupán, fochupán, forc, scian, scuab, vása, taephota

Gramadach: Na réamhfhocail shimplí + an t-alt: ar an **mbord**, ag an **mbord**, faoin **mbord**, in aice leis an **mbord**, sa **phota**, sa **chistin**, sa doirteal, san oigheann

Ábhar: An póstaer “An chistin” – A3;
Na pictiúir seo: “An chistin: stór focal”;
Na bileoga “Cá bhfuil mo ...?: Ról A” agus “Cá bhfuil mo ...?: Ról B”;
An bhileog “Líon na bearnaí”

A. Réamhchumarsáid

1. Suíomh a chur in iúl

- (a) Taispeáin póstaer de chistin do na daltaí agus cuir ceisteanna éasca orthu maidir leis na rudaí atá le feiceáil sa phictiúr.

**An bhfuil bord sa chistin?
An bhfuil mata ar an urlár?
Cad atá ar an mbord?**

- (b) Cuir ceisteanna níos deacra orthu de réir a chéile.

**An bhfuil inneall níocháin sa chistin sin? Níl.
Cá bhfuil an vása? Tá sé in aice leis an bhfuinneog.
Cad atá ar an gcuntar oibre? Tá citeal agus tóstaer air.**

2. Stór focal a bhaineann leis an gcistin

- (a) Le cabhair ó phictiúir éagsúla ón leathanach “An chistin: stór focal” múin an stór focal a bhaineann leis an gcistin.
- (b) Abair leis na daltaí ansin go bhfuil tú chun cluiche cuimhne a imirt leo, Cluiche Kim. Déan na pictiúir d’earraí na cistine a ghreamú leis an gclár.
- (c) Déan na pictiúir ar fad a chlúdach ansin le leathanach páipéir A3.
- (d) Agus na pictiúir clúdaithe, bain amach ceann acu agus déan cinnte nach bhfeicfidh na daltaí é.
- (e) Bain an leathanach A3 agus iarr ar na daltaí a rá cé acu ceann de na rudaí a bhain tú amach.
- (f) Déan na céimeanna thuas cúpla uair eile, go dtí go mbeidh tú sásta go bhfuil ainmneacha earraí éagsúla na cistine ar eolas ag na daltaí.

3. Na réamhfhocail shimplí + an t-alt a chleachtadh

- (a) Tóg pictiúr de bhanana agus cuir in áiteanna éagsúla sa phictiúr den chistin é, e.g. ar an mbord, ar an gcuntar oibre, faoin gcathaoir, ar an urlár, sa ghairdín, etc. Gach uair a chuirfidh tú an banana i suíomh nua abair leis na daltaí cá bhfuil an banana.

**Tá an banana ar an gcathaoir.
Tá an banana faoin mbord.
Tá an banana ar an urlár.
Tá an banana sa ghairdín.**

- (b) Clúdaigh an póstaer den chistin le leathanach mór agus abair leis na daltaí go bhfuil tú chun pictiúr de bhanana a chur áit éigin sa phictiúr. Cuir an cheist seo orthu:

Cá bhfuil an banana?

Beidh orthusan tomhas cá bhfuil an banana curtha agat.

- (c) Lean ar aghaidh go dtí go ndéanfaidh duine de na daltaí an áit cheart a thomhas, e.g.

Tá sé ar an bhfuinneog.

- (d) Tabharfar seans don dalta a thomhaisfidh an suíomh i gceart an banana a chur áit éigin eile sa phictiúr agus tógfaidh na daltaí eile sealanna ag tomhas cá bhfuil an banana curtha aige.
- (e) Leantar ar aghaidh leis an gcluiche go dtí go bhfaighidh na daltaí neart cleachtaidh ar a bheith ag úsáid na réamhfhocal simplí agus an t-alt, e.g. ar an, ag an, faoin etc.


An chistin




An chistin: stór focal




doirteal



niteoir soithí



sorn



bord



cuntar oibre



tóstaer



taephota




pota




scálaí



crúiscín




cuisneoir



tarraiceán



cófra



seilf



vása

B. Fíorchumarsáid

Cluiche cumarsáide: Cá bhfuil mo ...?

- (a) Abair leis na daltaí go bhfuil siad chun cluiche a imirt faoin gcistin ina mbeirteanna.
- (b) Le cabhair ó dhalta amháin, léirigh don rang conas a imrítear an cluiche.
- (i) Gheobhaidh Imreoir A pictiúr de chistin agus gheobhaidh Imreoir B pictiúr den chistin chéanna. Ar an dá bhileog, tá dhá liosta le fáil: liosta de rudaí atá faighte ag an imreoir agus liosta de rudaí atá caillte aige.
 - (ii) Ba cheart don imreoir na rudaí a bhaineann leis an liosta “Faighte” a tharraingt isteach in áiteanna éagsúla timpeall na cistine, gan an pictiúr leasaithe a thaispeáint don duine eile.
 - (iii) Ba cheart d’Imreoir A ceisteanna a chur ar Imreoir B le fáil amach cá bhfuil a chuid rudaí “Caillte”. De réir mar a thabharfaidh Imreoir B eolas dó, ba cheart d’Imreoir A na hearraí a tharraingt ar a phictiúr. Ba cheart d’Imreoir B ceisteanna a chur ar Imreoir A ansin maidir lena chuid earraí “Caillte” agus iad a tharraingt isteach ar a phictiúr siúd.
 - (iv) Ba cheart d’Imreoir A agus Imreoir B an dá phictiúr a chur i gcomparáid lena chéile ag an deireadh le déanamh cinnte go bhfuil na hearraí san áit chéanna sa dá phictiúr.
- (c) Tar éis duit rialacha an chluiche a mhíniú, cuir na daltaí ag obair ina mbeirteanna. Tabhair an bhileog “Cá bhfuil mo ...?: Ról A” do dhuine acu agus “Cá bhfuil mo ...?: Ról B” don duine eile. Tabhair timpeall seacht nóiméad dóibh chun an cluiche a imirt.
- (d) Cuir ceist ar na daltaí ansin cá bhfuil nithe áirithe ina bpictiúr agus ceartaigh cuid de na hearráidí a dhéanfaidh siad.

Cá bhfuil mo ...?: Ról A

Faighte: mála, iPod, leabhar, spéaclaí, bosca lóin

Tarraing na rudaí sin áit ar bith sa chistin thíos.



Cailte: do bhróga, do chóta, do Nintendo,
do liathróid, do ghuthán póca

Tá a fhios ag do chara cá bhfuil siad. Cuir ceisteanna air/uirthi agus ansin tarraing isteach i do phictiúr féin iad.

Cá bhfuil mo ...?: Ról B

Faighte: bróga, cóta, Nintendo, liathróid, guthán póca

Tarraing na rudaí sin áit ar bith sa chistin thíos.



Cailte: do mhála, d'iPod, do leabhar,
do spéaclaí, do bhosca lóin

Tá a fhios ag do chara cá bhfuil siad. Cuir ceisteanna air/uirthi agus ansin tarraing isteach i do phictiúr féin iad.

C. Iarchumarsáid

Na réamhfhocail shimplí agus an t-alt a chleachtadh

- (a) Tarraing an tábla thíos ar an gclár agus tarraing aird na ndaltaí ar na patrúin éagsúla a bhaineann le réamhfhocail shimplí agus an t-alt a úsáid.

	<i>Na consain b, c, f, g, p</i>	<i>Na consain d, l, m, n, r, s, t</i>	<i>Na gutaí a, e, i, o, u</i>
	Uraítear iad	Ní uraítear iad	Ní athraíonn siad
ag an ar an as an faoin leis an	ag an mb ord ar an gc athaoir as an gc uisneoir faoin bp láta leis an bh forc	ag an doras ar an sorn as an seomra faoin leaba leis an scian	ag an árasán ar an urlár as an oigheann faoin urlár leis an im

	<i>Na consain b, c, f, g, m, p</i>	<i>Na consain d, l, n, r, s, t</i>	<i>Na gutaí a, e, i, o, u</i>
	Séimhítear iad	Ní shéimhítear iad	Ní athraítear iad
sa	sa ch ófra sa gh airdín	sa doirteal sa seomra suí	
san (roimh ghutaí & f + guta)	san fh uinneog		san oigheann

Cá gcoinnítear na huibheacha i do theachsa, a Mháire? Sa **ch**ófra nó sa **ch**uisneoir?

Cá n-itheann tú do bhricfeasta, a Phóil? Ag an **mb**ord nó ag an doras?

Cá bhfuil an citeal i do chistin féin, a Thomáis? Ar an **gc**untar oibre nó ar an urlár?


- (b) Is féidir tábla mar an ceann thuas a bheith ar fáil mar thagairt do na daltaí agus iad ag freagairt cheisteanna an mhúinteora.
- (c) Tabhair cóip den bhileog “Líon na bearnaí” do na daltaí agus mínigh dóibh cad a bheidh le déanamh acu.
- (d) Ceartaigh na habairtí ansin. Déan cinnte gurb iad na daltaí a chuirfidh na freagraí ar fáil.

Líon na bearnaí

1. Ghearr sí an fheoil _____ scian.




2. D'fhág Daidí na Nollag bronntanas _____ gcrann.



3. Níl aon bhia fágtha _____ chófra.



4. Chroch Micheál pictiúr _____ mballa.



5. Nígh Caoimhe an pláta _____ doirteal.



6. Shuigh Deirdre _____ bord.

